FÓRSA

# BALLÓID NÁISIÚNTA 2026

# VÓTÁIL 'TÁ'

## Vótáil 4 Lúnasa - 1 Meán Fómhair







**Níl comhaontú pá seirbhíse poiblí i bhfeidhm faoi láthair. Táimid ag troid ar son socraithe níos fearr, agus ní mór duit beart a dhéanamh. Bí ag caint le do chomhghleacaithe faoin mballóid agus mol dóibh vóta 'tá' a chaitheamh. Is ionann neart ár nguthanna agus neart ár dteachtaireachta.**

### Is féidir leat an méid seo a rá, nuair atá tú ag caint le do chomhghleacaithe faoin mballóid:

- Mar thoradh ar na costais atá ag dul i méid, tá do chaighdeán maireachtála ag éirí níos measa. Ionas go mbeadh cosaint agat ón ngéarchéim costais mhaireachtála, teastaíonn comhaontú uait a mhéadaíonn pá na bliana seo, sna blianta amach anseo agus a sholáthraíonn seasmhacht níos fearr.
- Anois agus an barrachas is airde le feiceáil riamh, tá an rialtas ag tabhairt neamhaird ar imní agus streachailt na n-oibrithe seirbhíse poiblí agus na n-oibrithe sa státseirbhís.
- Níl do phá ar aon chéim le costais atá ag dul i méid. B'ionann arduithe pá idir 2021 agus 2025 agus beagnach 16% ach don tréimhse chéanna b'ionann an meánbhoilsciú bliantúil agus beagnach 21%.
- Baineadh an mhaitheas go hiomlán as na harduithe pá 1% a fuarthas i mí Feabhra agus mí Meithimh i mbliana mar gheall ar an mboilsciú, a bhí suas le 3.6% cheana féin i mí na Bealtaine.
- D'éiligh idirbheartaithe ceardchumainn gealltanais maidir le pá le linn réamhchainteanna, ach dhiúltaigh an rialtas. Sin í an chúis go bhfuilimid in aighneas.
- Tá tú ag tabhairt le fios go seasfaidh tú an fód maidir le do phá, tá cothromaíocht oibre is saoil níos fearr á lorg agat agus tá seirbhísí poiblí atá tuilte againn uile á lorg agat, agus vóta á chaitheamh agat chun tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch.

BEART NÍOS FEARR
FÓRSA






**Is ballóid ar líne í seo. Seiceáil do ríomhphoist le haghaidh sonraí.**